

**Mí-úsáid ghnéasach leanaí mínithe le gluais agus sainmhíniúcháin.**

Is é atá i gceist againn agus sinn ag tagairt do leanaí anseo ná leanbh atá idir chúpla mí d'aois suas go dtí leanbh atá tagtha chun caithreachais; páistí suas go 12 nó 13 bhliain d'aois agus gach aois suas go dtí sin.

Chun tuiscint ceart a fháil ar na tuairiscí seo molaimid duit an choir a shamhlú nuair atá cur síos á dhéanamh ar an gcoir sin ar mhaithe le tuiscint a fháil ar cé chomh dona is atá sé. Má bhraitheann tú mí-chompórdach leis seo is toisc gur rud mí-chompórdach é.

Tagraíonn na téarmaí 'mí-úsáideoir leanaí, mí-úsáideoir ghnéasach leanaí, ciontóir gneiss leanaí, déantóir na coire, ainteagmhálaí, ainteagmhálaí leanaí, éignóir leanaí' an rud céanna; duine a dhéanann éigniú nó ainteagmháil ar leanbh.

**1. Mealladh, éigniú, ainteagmháil i do theaghlach féin:** suas le 90% den am is daoine atá ar aithne ag an leanbh a dhéanann mí-úsáid ghnéasach ar leanaí - ní hé an strainséir sa pháirc – is iad na daoine a bhíonn i do theach féin. Bíonn mí-úsáideoirí ina nAithreacha, máthreacha, deartháireacha, uncailí, col ceatharacha, cairde leis an gclann, teagascóirí, múinteoirí ceoil, an feighlí leanaí. Daoine in údarás – cóitseálaithe spóirt, cléir, dochtúirí, teiripeoirí. Roghnaíonn an creachadóir gairm a thabharfaidh gar do leanaí é/í. Níl aon slí ag na leanaí chun cur síos a dhéanamh go díreach ar an méid atá ag tarlú dóibh agus coiméadtar sa chaidreamh iad ag úsáid muinín, grá, eagla, agus náire. Go minic ní theastaíonn ó thuismitheoirí a admháil go bhfuil mí-úsáid ag tárlú agus úsáideann mí-úsáideoirí é seo ar mhaithe leo féin.

**2. Mí-úsáid ghnéasach leanaí:** cion coiriúil lena n-áirítear éigniú ar leanaí, ainteagmháil agus pornagrafaíocht leanaí.

**3. Éigniú:** neamh-chomhthoiliúil, gnéas éigeantach – caidreamh faighneach nó anasach. Níl a leithéid de rud agus gnéas comhthoiliúil le leanbh - Is éigniú atá i gceist má bhíonn caidreamh ghnéasach d'aon tsaghas ar siúl le leanbh. Éigníonn mí-úsáideoirí leanaí chomh hóg le cúpla mí d'aois suas go dtí leanaí atá ar tí teacht chun caithreachais.

**4. Ainteagmháil Ghnéasach:** (sain. Ionsaí nó tadhaill le páiste go speisialta le hionsaí ghnéasach in aigne) Lámh a leagan ar leanbh i slí ghnéasach. Is ógánaigh nó daoine fásta iad na ainteagmhálaithe leanaí a úsáideann páistí le haghaidh gníomhaíochtaí gnéasacha. Go sonrach: Is éard is ainteagmháil ná gach uile gníomhaíocht ghnéasach is féidir a shamlú seachas caidreamh ghnéasach lena n-áirítear gnéas béil, treá digiteach na faighne nó an anais, déantóir na coire ag déanamh glacaireachta ar an leanbh nó an leanbh ar dhéantóir na coire, seadadh ar an leanbh, an leanbh a fhorsáil an sead a shlogadh, ag tógáil grianghraifeanna de bhaill ghiniúna an linbh, cuibhriú, céasadh, ag tógáil grianghrafanna nó ag déanamh taifead ar teagmháil ghnéasach leis an leanbh, ag féachaint ar, bheith i seilbh ...

# Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí

**1. Tá dhá (2) chinéal mí-úsáide fisiciúil ghnéasach ar leanaí ann**

Dhá Chineál (2)

- Éigniú (caidreamh)
- Ainteagmháil (gach rud eile)

**2. Tá trí (3) chinéal coir gnéasach i gcoinne páistí:**

a. Éigniú
b. Ainteagmháil
c. Seilbh nó táirgiú ábhar pornagrafaíochta leanaí

**3. Tá dhá (2) chinéal ciontóirí ghnéasacha leanaí a dhéanann éigniú nó ainteagmháil ar leanaí:**

a. **Fabhrach** – Péidifileach. Tá mí-úsáid leanaí mar oibseisiún acu a saol ar fad.

b. **Suíomhúil** – Neamh-péidifileach. A thapaíonn an deis nuair a thagann sí.

**4. Tá dhá (2) chinéal péidifiligh:**

a. Daoine atá ag iarraidh gnéas a bheith acu le leanaí atá ar tí teacht chun caithreachais – fantasaíocht amháin (gan an dlí á shárú).

b. Daoine atá ag iarraidh gnéas a bheith acu le leanaí atá ar tí teacht chun caithreachais agus a dhéanann é seo tríd:

- Éigniú ar pháistí
- Ainteagmháil ar pháistí
- Bheith i seilbh nó ag táirgiú ábhar pornagrafaíochta leanaí

## Statisticí Sciobtha

- 25% (1 as 4) cailíní, 15% (1 as 6) buachaillí ar déanadh mí-úsáid ghnéasach orthu nuair bhí siad ina leanaí.
- Tá aithne ag tromlach na gciontóirí gnéasacha (90%) ar a gcreach: (tá 40% gaolta leis an leanbh, 50% is cairde leis an gclann iad), 10% ina strainséirí.
- Is é 9 mbliaina d'aois an aois aireamhánach don mhí-úsáid.
- Ar an mean do ainteagmháileach páistí beidh breis is 400 íospartaigh aige ina shaol.
- Tarlaíonn mí-úsáid gnéasach i áiteann uirbeacha, fo-uirbeach agus sa tuaithe i gach grúpa eithneach, ciniúil agus socheacnamaíoch agus I do cheann féin.

*(...#4 ar lean)* nó ag táirgiú ábhair phornagrafaíocht leanaí. Tagraítear do seo mar 'tadhaill, tadhaill mí-chuí, mí-úsáid ghnéasach, mí-úsáid ghnéasach leanaí, ainteagmháil, pornagrafaíocht bháibíní'.

**5. Pornagrafaíocht Leanaí:** taifeadadh ar phictiúirí gháirsiúla de leanaí; buachaillí nó cáilíní atá idir chúpla mí d'aois agus seacht mbliain déag d'aois. Íomhánna de bhaill ghiniúna an linbh, anas, d'éigniú á dhéanamh ar an leanbh go faighneach nó go hanasach, an leanbh ag tabhairt gnéas béil, ag déanamh glacaireachta ar dhéantóir(í) na coire, á spreagadh ag deántóir na coire, méireanna nó ábhair choimhthíocha eile á gcur ina bhfaighin nó anas, seadadh nó múin á dhéanamh orthu, á mbrú chun faecas a ithe, á láimséail go foréigneach, á mbualadh, cuibhriú – an leanbh ceangailte suas, gobánaithe, céasta, uaireanta á marú (snuff) – tagraítear do seo mar 'ábhar pornagrafaíochta leanaí nó ábhar pornagrafaíocht bháibíní' ar an ábhar seo. Má aimsíonn na póilíní ábhar pornagrafaíochta leanaí tá seans maith ann go bhfuil said tar éis ciontóir gnéasach páistí a aimsiú. Cionta coiriúla is ea seilbh, íoc as, féachaint ar agus/nó ábhar pornagrafaíochta leanaí a dhéanamh.

**6. Ciontóirí Ghnéasacha Leanaí:** tá dhá cinéal ann.

a. Péidifileach is ea an ciontóir fabhrach agus níl spéis acu ach in ainteagmháil a dhéanamh ar pháistí. Déanann said gach dícheall rochtain d'fháil ar leanaí, fiú bean a phósadh chun fail a bheith acu ar a páistí nó pósann siad chun a bpáistí féin a bheith acu agus ainteagmháil a dhéanamh orthu siúd ansin. Is creachadóirí iad.

b. Ciontóirí suíomhúla is ea iadsan a éigníonn leanaí nó ainteagmhaithe a thapaíonn an deis nuair a thagann sí. Déanann said ionsaí ghnéasach ar leanbh 'Ar nós sin é an



fáth ...', smaoineamh maith ab ea é ag an am, nó bhí siad feargach le tuismitheoir(í) an linbh, nó bhí siad ar meisce agus bhí dúil acu ann nuair a rinne said ionsaí ghnéasach ar leanbh. Níl cúis de dhíth orthu. Ní hiad páistí a gcéad rogha gnéasach, b'fhearr leo daoine fásta.

**7. Tréithe an chiontóra ghnéasach leanaí:** naircisíoch – i dteideal - síceapatach. Breagadóirí líofa. Ar bheagán coinsias. Gan aon ionbhá don íospartach. Ar bheagán eagla roimh torthaí a ngníomhartha. Éigníoch. Dúghafa. Plámásach. Lán-scileanna sóisialta laistigh don ghrúpa atá roghnaithe acu. Roghnaíonn gairmeacha a thugann i ngar do leanaí iad. Tagann siad trasna mar dhaoine deasa agus séimh ach is creachadóirí iad atá ag iarraidh éigniú agus ainteagmháil a dhéanamh ar leanaí. Féachann siad mar aon ghnáthdhuine a fheicfidh tú inniu, cara, ball clainne nó comhghleacaí oibre.